C/2025/944

6.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.11845 — INFRAVIA / ILIAD / OP CORE

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/944)

1. An 30 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Iliad S.A. ('**Iliad**'), atá faoi rialú Niel Family Group ('**NFG**'), an Fhrainc,

— InfraVia VI Invest S.a.r.l. ('**InfraVia**') atá faoi rialú InfraVia Capital Partners SAS agus a fhiontair chleamhnaithe rialaithe ('InfraVia Capital Partners'), Lucsamburg.

Gheobhaidh Iliad agus InfraVia rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar OP Core ('**OP Core**' nó '**an Sprioc**', an Fhrainc), atá faoi rialú Iliad faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Iliad seirbhísí teileafónaíochta seasta agus móibílí, seirbhísí rochtana idirlín agus seirbhísí óstála,

— Is cuideachta infheistíochta é InfraVia, a ghníomhaíonn mar chuideachta bainistíochta ar chistí infheistíochta den sórt sin atá speisialaithe sna hearnálacha bonneagair agus teicneolaíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais OP Core: seirbhísí ardáin lárionaid sonraí lena n-áirítear a ndearaí, a dtógáil, a suiteáil agus a dtráchtálú, chomh maith le rochtain a sholáthar ar acmhainní líonra agus ar bhonneagair lárionaid sonraí, lena n-áirítear próisis chumhachta agus fuaraithe, agus slándáil lárionaid sonraí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe ([2]) a rialú idir gnóthais, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11845 – INFRAVIA / ILIAD / OP CORE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË